

Cé acu is airde, tusa nó do rogha réad?

An bhféadfá do rogha réad a ardú, meas tú?

An dóigh leat gur gnáthshaighdiúir nó ceannaire, cosúil le ginearál nó rí, a d'úsáid do rogha déantán? Cé ar leis é, meas tú?

Ticeáil an freagra.

☐	Saighdiúir	☐	Taoiseach
--------------------------	------------	--------------------------	-----------

Maith thú!

Tá ‘Mo Rogha Réad’ críochnaithe agat.

Ar mhaith leat níos mó a fháil amach?

Cuir glao ar an Roinn Oideachais agus For-rochtana ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar thaispeántais agus ar chláir oideachais.

Teil: 01-6486 453

Fax: 01-6791 025

Ríomhphost : bookings@museum.ie

Gréasán: www.museum.ie

© An Roinn Oideachais agus For-rochtana,
Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath
Soldier Chief Saighdiúir Taoiseach

museum

National Museum of Ireland

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Ealaíona Maisiúla & Stair



Dearadh an bhileog gníomhaíochta seo do thaiscéalaithe idir 6 agus 8 bliana d’aois
ach tig le cuairteoir ar bith é a thriail!

MO ROGHA RÉAD in ‘Saighdiúirí agus Taoisigh’

Ar aghaidh linn go bhfeicfimid céard atá ar taispeáint anseo...


Is mise

Ceist agam ort...

An mó réad atá sa taispeántas
Saighdiúirí agus Taoisigh?

milliún, nó geall leis
díreach 550
12 nó geall leis
timpeall 18,500
os cionn 250
timpeall 900

Iompaigh an bhileog bunoscionn
go bhfeicfidh tú an uimhir cheart!



Timpeall 900 san iomlán. Tá tuairim is 18,500
réad ar taispeáint sa Mhúsaem ar fad.

Conas a thiocfaidh tú ar do rogha réad?

Chun teacht ar do rogha réad beidh ort an taispeántas a chíoradh ó bhun go barr. Féach ar an oiread réad agus is féidir sula ndéanann tú do rogha.

An féidir leat a fháil amach cé ar leis nó ar léi an réad seo?
Más féidir, scríobh ainm an duine sin thíos.

Rinne Éireannaigh fear agus ban seirbhís in airm éagsúla ar fud an domhain.

Cén t-arm ina raibh an duine a d’úsáid an réad is rogha leat féin?
Ticeáil an ceann ceart.

	Arm na Breataine		Arm an Phápa
	Arm Thaoisigh Éireannaigh		Arm Meiriceánach
	Arm Oilibhéir Chromaill		Arm Bolivar
	Arm Liam Oráiste		Óglaigh na hÉireann
	Arm an Rí Shéamais		Na hÉireannaigh Aontaithe
	Arm Mheicsiceo		Arm na Saoránach
	Arm na Fraince		Na hÓglaigh
	Arm na Spáinne		Cumann na mBan
	Arm na hOstaire		Arm éigin eile

Cad chuige a úsáideadh do rogha réad?
Leideanna: chun ithe leis, chun troid a dhéanamh leis, chun fanacht te nó fuar nó mar chosaint, chun saighdiúirí a iompar...

Cad is ainm don réad a roghnaigh tú?
Scríobh anseo é-

Tarraing pictiúr de do rogha réad anseo